

Glac, a chompáin, comhairle

[Mhág Craith, Cuthbert: *Dán na mBráthar Mionúr I*, Dublin, 1967, poem 14]

Eoghan Ruadh Mac Uilliam Óig Mhic an Bhaird nó Boneavantúra (alias Giolla Brighde) Ó hEodhasa .cct.

1 Glac, a chompáin, comhairle
ó Bhearnard, an t-ab naomhtha,
ar an riaghail rofhoirfe
ó do chuiris do chaomhna.

2 An obair do thriallabhar,
madh áil a dul i dtarbha,
atá oirbh do riachtanas
dá ní nach tighthear tharsa.

3 An céidní - is cúis roghuaisi:
coimhéid thú féin go seasmhach
ón uile ní soghluaisde,
saoghalta bhíos god mhealladh.

4 Ar mhodh nach biadh agaibhsi
cúrum fa ní don tsaoghal
acht mar neithe fabhairsi
's nach beidís ann ar aonchor.

5 An dara ní is tionnsganta
madh áil an ríoghdhocht shuthain:
tú do dhéanamh iodhbarta
dhíot féin don Tí rod cruthuigh.

6 Ar an modh go dtroidfithea,
do ghníomh agus do bhriathraibh,
ris gach ní nach croidfithea
do thaitneamh ris an dTriathfhlaith.

7 An céidní, réd dhíthchioll-sa,
do-ghébha tú ar an modh-sa:
ar tús tú féin d'ísluighadh,
madh ad mac ríogh nó moghadh,
aga mheas gud dhísbeagadh
nach ad fiu ní san domhan.

8 Achd gidheadh ná measuidh-si
cách eile leis an gcéadfuidh;
achd meas a bheith beannaighthe
an tí is measa gut fhéchuin.

9 Ag cách oile seachuibhsi

gach ní ad-chluinfe 's do-chífe,
nach ó mhaith ná measuidh-si
adeirtheas is do-níthir -.

10 Gé go bhfaicthea aithearrach
don nádúir bhíos ag claonadh,
óir ní hannamh raimhealladh
ar an mbaramhail ndaonna.

11 Tug th'aire nach míothaitne
ré duine ar dhruim na talmhan;
choidhche lucht bhur bhfíorchairdibh
bíod uile lán dot annsacht.

12 Re duine dá choibhneasa
ná tarr ort féin gud mholadh;
acht gomadh mó th'fhoilcheas-sa
ar do mhaith iná ar th'olc-sa.

13 Ar neach, gé madh míchreidmheach,
go bráth go trom ná labhair,
gé madh follus, fírinneach
an ní adérthá 'na aghaidh -.

14 Acht amháin it fhaoisdin,
is sin féin re huair n-éigin,
nochtadh th'uile go saoilfidhe,
ar mhodh eile nár éidir.

15 Ná glac mar chúis roimheanma
dá gcluine olc do bhíodhbhadh;
éisdidh níosa thoileamhla
moladh cháigh iná a n-ionnlach.

16 Bíodh do chomhrádh deighcialluidh,
fírinneach, annamh, tráthach,
lán do shuim i mbeigbhriathruibh
's ag teacht tar Dhia go gnáthach.

17 Dá rabh neach don domhnán-sa
ag teacht ribh ar ní ndíomhaoin,
gearrthar libh a chomhrádh-san,
ag teacht tar bheathuidh bhfíornaoinmh.

18 Ní ar domhan dá dteigeomha
dhaoibh féin nó dá bhur gcoibheas,
madh áil bheith ar deigheolas,
ná bíodh ort ina dhoilgheas-

19 Gémadh damhna doimheadhra,

nárab móide do mhaoithcheas;
gémadh adhbhar soimheanma,
ná bíodh ort ina aoibhneas.

20 Déantar uaibh gan iongantas
th' uile dhíthchioll ó umhlacht,
do chum bheith go friochnamhach
fad leas féine do shunnradh.

21 Achd do dhéanamh fíortharbha,
más éidir libh ná labhair;
seachoin bheith ag síorlabhra
ór is fearr tó ná labhairt.

22 Labhairt gan chás ndoirbhéigin
ní mholfuinn daoibh go gnáthach,
ó nóin i ndiaidh choimpléide
go deoidh nAifrinn amárach.

23 Ní ar nach biadh bhur rathaitneamh
ag cách oile dá bhfionna,
féuch ort féin go hamhuirseach
an mbiadh a leithéid ionnad;
má tá, bí go ra-aireach
i bhfad uaid aga sgrios-san.

24 Dá bhfaice in bhur samhail-si
éinní maith fós nach tárruis,
tarruing ort, ná cagail-si,
bheith formadach san gcás-soin;
biaidh gach éinní aguibhse
mar sin 'na sgathán gcrábhuidh.

25 Dá mhéid cúis dá gcluinfí-si,
ná hégnuigh gémadh cionntach;
leighios uilc let fhuighlibh-si,
muna shaoile go ndiongna.

26 Madh áil gan bhur n-eibhliughadh,
ná diult, ná dearbh lé déine;
do dhiultadh 's do dheimhniughadh
bíod 'na gcontabhairt chéilidh.

27 Seachuin gáire gáireata;
dá mbeath go bhfuighthea fachan
ar uairibh ag fáilteachadh,
déna fáiphteadh beag annamh.

28 An céidní gan chonntabhairt
do-ghéubhae mar adobhart;

's an dara ní adobhramair
do-ghéubhae tú ar an modh-sa.

29 Déantar uaibh gach éantrátha
th'urnuidhe i n-aimsir dhlighthigh;
's nárab lór libh bélchrábhadh
gan an smuaineadh san gcrídhe.

30 Bíodh aguibh i ngnáthchuimhne
na trí neithe 'nar ndiaidh-ne;
ar tús cionnas do bhábhair-si,
créad tú, agus cionnus bhiai-se.

31 Do bhádhuibh id bhréunchubhar;
créad tú, gidh mór do chédfadh
as caoimhe bhar gcréuchuladh,
acht soitheach lán do bhréuntus,
iar gcaitheamh bhar dtéarma-sa
bhias ag crumhuibh mar fhésta?

32 Mar an gcédna cuimhnigh-si
príosún na druinge daorthar
'sa phiana ar nach cuirfidhir
críoch tré shaoghal na saoghal -.

33 'S dá mbeith cách gan rodhoille,
créad giorra is loighiod aoibhnis
a n-ainmiana colnuidhe
tré a dtuillid bheith san daoirsi.

34 Tuig arís id mheanmuin-si
glóir sa críoch ar nach cuirtheas
is loighead a dearlaicthi
ar ar éidir a tuilleamh.

35 Is ar mhéd na roidhiomdha
orra féin arna dtréigean
bhíos ar lucht a coilleamhna
ar ní nach feas a éifeacht.

36 Ní bhus olc let aigneadh-sa
dá n-éirghe duit san saoghal,
nó aga mbiadh bhar bhfaitcheas-sa
réna leithéid do bhaoghal.

37 Annso is cóir a chumhnughadh,
dá mbeithe a i n-ifrionn dérach,
ar do chionn go sunnradhach,
go bhfuighthea-sa an ní cédna
's gach ní oile urbhadhach

do bhiadh i n-aghaidh gcédfadh.

38 Dá rabh libh ní éadálach
nó áilgheas a mheic samhla
do bheith libh dá bhfédtá-sa,
smuainidh, dá mbeithe a bParrthas.

39 Gu madh libh gan laghdughadh
an ní-sin 's gach ní oile
bhudh éidir do shanntughadh
do réir thoile bhur dtoile.

40 I bhféil gach naoimh, smuainidh-si
créd do fhulaing an naomh-soin,
ar son gCríosa i gcruaidhshlighthibh
's créid fuair ar son a shaothair:
gairid dhó fa dhuidheire;
glóir shíorruidhe do shathruigh.

41 Smuain arís go gcríochnuighthear
saothar 's doghraing na bhfírén
's gáirdeachas mór míothuigseach
na bpeacthach thuilleas fíréng -.

42 An chéddrong gan chonntabhairt
go bhfaghuid an ghlóir shuthain
is an dara adobhramair
a dtuarasdal ceart cubhaidh.

43 Dá mbeath go mbiadh raileisge
dod chlaoi nó sgís ar uairibh,
cuir, a mheic, ar th'aighidh-si
an sgríbhinn-si agus smuainidh:

44 An drong atá i ndaoirphianoibh -
créd do-bhérdais mar chomhuidh
ar an aimsir naoimhfhiadhuigh
do chaithis ar an modh-soin!

45 I n-aimsir bhar dtreabhlaide,
smuain nach fuil a mhac samhla
ar phobal an neamhthoighe,
ar an droing atá i bParrthas.

46 'S i n-aimsir bhur n-aoibhnighthe,
smuain nach fuil a mhac samhla
i dteaghdhuis na daoirsine,
ar an bhfoirinn do damnadh.

47 Ré ndul duit i suainlighe,

sgrúd go grinn - iarruidh grása -
do labhra, do smuaintighthe
's gach a ndearnais an lá-sa -

48 Is cionnas do chaitheabhair
an aimsir dtoirthigh dtarbhuigh,
do dhénamh an daighthreabhuigh
do toiligheadh don anmuin.

49 Mas maith, mol ó dhaighcridhe
Íosa Críosa, bhur gceann caingne;
más olc, déna aithrighe
's ná cuir t'fhaoisde ar cairde.

50 Ní i n-aghuidh bhur naoimhirse
má tharla dhaoibh do dhéiniomh,
ré ndul dá bhar bhfaoisdin,
ná tomhuil acht lé héigion.

51 Dealbh tar éis gach inchreachuidh
dá chathair ar do chomhair:
aroile go n-imreasoibh,
aroile go síoth socair;
's gumadh í bhar n-imdheadhail
dul ceachtair don dá chonair.

52 Do chum uilc dod neamhthol-sa,
féch, créd fhédas do chlaonadh -
nó dod chor tar dheaghobair?
ní shaoilim ní san saoghal.

53 Dá gcoimheadtha a ndubhramair,
is dearbh leam, a fhir ghráda,
go mbia tú gan chuntabhairt
gun Sbiorad Naomh it áras.

54 Coimhéid, a óig eagnuidhe,
ar an n-adhbhar-sa, a n-abruim
is légh gacha seachtmhuine,
Dia Máirt agus Dia Sathuirm.

55 Arna mheas gur choimhédais
comhairle an abad eoluigh,
moluidh Críosa, bhar gcoimhéaduigh,
's A thrócaire rod treoruigh.

56 Ag so an tslighe is rodhaingne:
madh áil dul as gach baoghal,
glac, a chompáin, comhairle
ó Bhearnard, an t-ab naomhtha. GLAC